
Coirib go Cósta
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme

Clár
17





### Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh.2

# Limistéir a Cuireadh as an Áireamh

Rinneadh athbhreithniú ar na limistéir seo a leanas le linn na céime maidir le measúnú a dhéanamh ar na roghanna agus cinneadh nach raibh aon réadmhaoin i mbaol tuilte agus dá bhrí sin, nach raibh aon ghá le cosaintí tuilte. Leagtar amach na cúiseanna ar leith a bhaineann leis an gcinneadh seo go mionsonraithe i ndáil le gach aon limistéar.


## Mionlach

Is cill tuilte neamhspleách é Mionlach. Tá leibhéil na n-urlár críochnaithe sna réadmhaoine is ísle sa limistéar os cionn leibhéal tuilte an dearaidh, ag 7.4mOD. Dá bhrí sin, níl sé beartaithe bearta cosanta tuilte a chur ar fáil sa limistéar.





## Club rámhaíochta agus luamhaireachta

Cill tuilte neamhspleách atá sa Chlub Rámhaíochta agus Luamhaireachta. Tá leibhéil na n-urlár críochnaithe sna réadmhaoine is ísle sa limistéar os cionn leibhéal tuilte an dearaidh, ag 6.48mOD. Dá bhrí sin, níl sé beartaithe bearta cosanta tuilte a chur ar fáil sa limistéar.




## Trá Bhaile an Locháin


Cill tuilte neamhspleách is ea Trá Bhaile an Locháin. Tá leibhéil na n-urlár críochnaithe sna réadmhaoine is ísle sa limistéar os cionn leibhéal tuilte an dearaidh, ag 4.26mOD. Dá bhrí sin, níl sé beartaithe bearta cosanta tuilte a chur ar fáil sa limistéar.




# Páirc Fiontraíochta an Chalafoirt

Rinneadh an baol tuilte reatha do chill tuilte Pháirc Fiontraíochta an Chalafoirt a mheasúnú mar chuid den Scéim agus leagadh amach roghanna. Mar sin féin, tá neamhchinnteacht ann maidir le Tionscadal Méadaithe Chalafort na Gaillimhe agus faoina idirghníomhaíocht leis an Scéim Faoisimh Tuilte.

Déanfar roghanna laghdaithe tuilte a fhorbairt de réir mar is gá nuair a bheidh soiléireacht níos fearr ann i ndáil le toiliú pleanála faoi Thionscadal Méadaithe Chalafort na Gaillimhe.




Tionscadal Éireann Project Ireland 2040 | OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works | Comhairle Cathrach na Gaillimhe Galway City Council | BSM Brady Shipman Martin. Est. 1968 Built. Environment. | ARUP

Scála an Phóstaeir: A0